Cleachtadh Tuisceana – Éire agus Athrú Aeráide – Tús Eolais

Roinn an rang i ngrúpaí.

- **Leagan 1:** Provide Tabhair ceisteanna do na daltaí agus iarr orthu na freagraí a scríobh síos.
- **Leagan 2:** Tugtar idir cheisteanna agus fhreagraí do na daltaí agus is féidir iad a ghearradh suas (arna lannú, más féidir) lena n-úsáid i gcleachtadh measc agus meaitseáil, inar féidir le daltaí i ngrúpaí beaga breathnú ar an ngearrthóg agus ansin ceisteanna agus freagraí a bhaineann le chéile a chur in aice a chéile.

Legan 1

1. . Ag tús an scannáin, tá Duncan ag labhairt i dtaobh ár n-astuithe gáis cheaptha teasa: cé mhéid tonna sa bhliain a bhfuil gach duine dínn freagrach as?
2. Cad iad na saghsanna gníomhaíochtaí a luaitear mar chúiseanna le hastuithe gáis cheaptha teasa?
3.Cad iad na saghsanna acmhainní a úsáidimid chun fuinneamh a chur ar fáil dúinn féin?
4. Cén dóigh ina bhfuil an tAE ag stiúradh na slí maidir le dul i ngleic ar athrú aeráide?
5. Cad iad na hiarmhairtí a bhaineann le hathrú aeráide atá á lua sna ceannlínte?
6. I gcás nach ndéanfaimid rud ar bith maidir le hathrú aeráide, cén t-ardú i gcéimeanna a thiocfaidh ar an teocht faoi dheireadh an chéid seo?
7. Conas mar a bheidh an aeráid sa 21ú céad?
8. Cén méadú ar astuithe gáis cheaptha teasa (thar leibhéil 1990) a ceadaíodh d'Éirinn faoi Chomhaontú Kiótó?
9. An ag ardú nó ag ísliú atá ár n-astuithe?
10. Cén fáth go mbaineann leibhéal níos airde astuithe gáis cheaptha teasa ná an meán domhanda leis an talmhaíocht in Éirinn?
11. Cad is féidir linn a dhéanamh chun gearradh siar ar ár n- astuithe gáis cheaptha teasa ag baile anseo?
12. An féidir leat roinnt cáilíochtaí dár dtagraíodh sa scannán, nach mór dúinn a bheith againn, chun dul i ngleic le hathrú aeráide, a lua?

Leagan 2

C. Ag tús an scannáin, tá Duncan ag labhairt i dtaobh ár n-astuithe gáis cheaptha teasa: cé mhéid tonna sa bhliain a bhfuil gach duine dínn freagrach as??	**F.** 17 tonna
C. Cad iad na saghsanna gníomhaíochtaí a luaitear mar chúiseanna le hastuithe gáis cheaptha teasa?	**F.** Iompar, tógáil agus téamh tithe, tionsclaíocht, tráchtáil agus táirgeadh bia
C. Cad iad na saghsanna acmhainní a úsáidimid chun fuinneamh a chur ar fáil dúinn féin?	**F.** Breoslaí iontaise
C. Cén dóigh ina bhfuil an tAE ag stiúradh na slí maidir le dul i ngleic ar athrú aeráide?	**F.** Spriocanna nua níos déine a thabhairt isteach
C. Cad iad na hiarmhairtí a bhaineann le hathrú aeráide a luaitear sna ceannlínte?	**F.** Dóiteáin, gannchuid uisce, hairicíní, tuilte, oighearshruthanna
C. I gcás nach ndéanfaimid rud ar bith maidir le hathrú aeráide, cén t-ardú i gcéimeanna a thiocfaidh ar an teocht faoi dheireadh an chéid seo?	**F.** 5-6 céim
C. Conas mar a bheidh an aeráid sa 21ú céad?	**F.** Éagsúil le rud ar bith ar a bhfuil cleachtadh againn, ach níl eolaithe in ann a rá go beacht cad a tharlóidh.
C. Cén méadú ar astuithe gáis cheaptha teasa (thar leibhéil 1990) a ceadaíodh d'Éirinn faoi Chomhaontú Kiótó?	**F.** 13%

C. An ag ardú nó ag ísliú atá ár n-astuithe?	**F.** Ag ardú
C. Cén fáth go mbaineann leibhéal níos airde astuithe gáis cheaptha teasa ná an meán domhanda leis an talmhaíocht in Éirinn?	**F.** I ngeall ar an líon mór bó agus caorach
C. Cad is féidir linn a dhéanamh chun gearradh siar ar ár n-astuithe gáis cheaptha teasa ag baile anseo?	**F.** Ár bhfoirgnimh a thabhairt suas le caighdeán, ár gcuid iompair phoiblí a fheabhsú, acmhainní in-athnuaite a úsáid, mar shampla, fuinneamh gaoithe
C. An féidir leat roinnt cáilíochtaí dár dtagraíodh sa scannán, nach mór dúinn a bheith againn, chun dul i ngleic le hathrú aeráide, a lua?	**F.** Ceannasaíocht, spreagadh